



Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010

Teicneolaíocht

Gnáthleibhéal

Dé hAoine, 25 Meitheamh
Tráthnóna, 2:00 - 4:00

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo. Tabhair faoi **gach** Roinn díobh.

Roinn A: Croíchúrsa - Ceisteanna gearrfhreagra.

Roinn B: Croíchúrsa - Ceisteanna fadfhreagra.

Roinn C: Roghanna - Ceisteanna fadfhreagra.

Roinn A - Croíchúrsa (72 marc)

Treoracha:

- (a) Freagair **naoi gceist ar bith** sna spásanna atá ann dóibh.
Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- (b) Tarraing na sceitsí go léir le peann luaidhe.
- (c) Tabhair ar ais an leabhrán seo ag deireadh an scrúdaithe.
- (d) Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach leathanach eile a úsáideann tú.

Scrúduimhir:

Uimhir an Ionaid

--

Roinn	Marc
Roinn A	
Roinn B	
Roinn C	
Iomlán	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán	
Grád	

Roinn A.

Freagair **naoi gceist ar bith**. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist.

1.

- (i) Is cóimhiotal de dhá mhiotal é sádar. Cén **dá** mhiotal is gnách a úsáid chun sádar a dhéanamh?

1. _____

2. _____

- (ii) Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór duit a chomhlíonadh agus tú ag sádráil.

1. _____



2.

Tháinig forbairt ghasta le blianta beaga anuas ar mhodhanna cumarsáide. Tá an líonrú sóisialta ar na forbairtí sin. Déan cur síos gearr ar thionchar dearfach **amháin** agus ar thionchar diúltach **amháin** a bhaineann le láithreáin don líonrú sóisialta.



Tionchar dearfach:

Tionchar diúltach:

3.

Taispeánann na grafaicí mótar DC agus grianphainéal. Ainmnigh tiontú fuinnimh **amháin** a tharlaíonn i **ngach** comhbhall díobh.

Mótar DC

Tiontú fuinnimh:




Grianphainéal

Tiontú fuinnimh:



4.

Taispeánann an íomhá droichead cáblatheanntaithe. Sainaithin an **cineál fórsa** atá ag gníomhú ar na gnéithe **A** agus **B** den droichead.



A: _____

B: _____

Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an gcineál seo droichid nuair a chuirtear i gcomparáid le droichead traidisiúnta áirse.

5.

Cén cuspóir atá ag *Taighde agus Imscrúdú* maidir le dearadh tionscadail?

Liostaigh **dhá** mhodh a d'fhéadfaí a úsáid chun Taighde agus Imscrúdú a éascú.

1. _____

2. _____

6.




Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag an mbanda óir ar an bhfriotóir a thaispeántar.

Feidhm: _____

Ríomh an fhriotaíocht iomlán (**R**) san eagar friotaíochta seo a leanas.

R: _____




7.

Baineann an-tábhacht le bainistíocht comhad nuair a bhíonn comhaid á sábháil ar ríomhaire. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbaineann tábhacht le bainistíocht comhad.

Cúis 1. _____

Cúis 2. _____



Sainaithin an fréamhfhillteán agus fofhillteán **amháin** san fhillteán atá ar an C-thiomántán ag mac léinn i gcomhair *Theicneolaíocht na hArdteistiméireachta*.

Fréamhfhillteán: _____

Fofhillteán: _____

8.

Is sampla é *Wavebob*, a forbraíodh in Éirinn, de conas is féidir leas a bhaint as fuinneamh na dtionnta chun cabhrú le riachtanais fuinnimh na tíre seo sa todhchaí.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** theicneolaíocht nuálaíocha eile atá in ann an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

1. _____

2. _____



9.

Sa bhosca atá curtha ar fáil, déan sceitse dea-chomhréireach 3T den soicéad leictreach a thaispeántar.



10.

Baineadh úsáid as an teicneolaíocht chun bróga spóirt a fheabhsú agus ar an gcaoi sin chun cur le feidhmíocht lúthchleasaithe.

Tabhair **dhá** shampla de conas a d'fheabhsaigh an teicneolaíocht bróga spóirt.

1: _____

2: _____



11.


Ainmnigh an t-eagar gearanna A.

A: _____

Luaigh **dhá** shampla ina bhféadfaí an mheicníocht seo a úsáid.

1: _____

2: _____



12.

Bain úsáid as **dhá** theicníocht ghrafacha chun feabhas a chur ar an léaráid ghrafach den rialaitheoir cluichí a thaispeántar.



Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán